AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2026
COM(2026) 7001 final

2026/0284 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun cúnamh a sholáthar do Mhálta agus don Iodáil maidir le stoirm Harry i mí Eanáir 2026 agus don Phortaingéil agus don Spáinn tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Cumhdaítear leis an gcinneadh seo slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CDAE' anseo feasta) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle[1] (dá ngairtear 'Rialachán CDAE' anseo feasta) le haghaidh EUR 489 148 220 chun cúnamh a thabhairt don Mhálta agus don Iodáil maidir le stoirm Harry i mí Eanáir 2026 agus don Phortaingéil agus don Spáinn tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

Tá ag gabháil leis an slógadh sin DEC Uimh. 16/2026 lena moltar an méid riachtanach a aistriú ó líne chúltaca an Chúlchiste Eorpaigh Dlúthpháirtíochta (dá ngairtear 'CED' anseo feasta) chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE, ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí araon.

2. FAISNÉIS AGUS COINNÍOLLACHA

2.1 Málta – mórthubaiste nádúrtha: stoirm Harry i mí Eanáir 2026

(1) An 10 Aibreán 2026, chuir Málta iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026. An 15 Meitheamh 2026, chuir Málta iarratas athbhreithnithe isteach lena n-áirítear meastachán cothrom le dáta ar an damáiste díreach iomlán i gcomhréir le hAirteagal 4(1)a den Rialachán.

(2) Rinne Málta iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste a rinneadh de dheasca na tubaiste a tharla an 18 Eanáir 2026. Tá an fhaisnéis uile atá ag teastáil faoi Airteagal 4 de Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) Is é thart ar EUR 132,97 milliún meastachán údaráis Mhálta ar chostas an damáiste dhírigh iomláin a cruthaíodh de dhroim na tubaiste. Is mó an méid sin ná an tairseach 'mórthubaiste nádúrtha' le haghaidh Mhálta arb é atá ann 0,6 % dá Ollioncam Náisiúnta (OIN), arbh fhiú EUR 121,55 milliún í in 2026. Dá bhrí sin, cáilítear an tubaiste mar 'mhórthubaiste nádúrtha' de réir Airteagal 2(2) de Rialachán CDAE.

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

(6) D'iarr Málta go n-íocfaí airleacan de bhun Airteagal 4a de Rialachán CDAE. Ar bhonn an réamh-mheasúnaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha le go n-íocfaí airleacan ó CDAE. Dá bhrí sin, dámhadh airleacan EUR 931 014 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2026)5301 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2026. Íocadh an t-airleacan le Málta an 4 Lúnasa 2026.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2012/oj).

(7) Idir an 18 agus an 21 Eanáir 2026, bhuail Stoirm Harry oileáin Mhálta lenar ghabh gaotha láidre, báisteach throm, leibhéil farraige mhéadaithe agus gníomhaíocht tonnta. Rinne an eachtra damáiste forleathan ar fud Mhálta agus Gozo, rud a rinne difear do go leor bardas, go háirithe limistéir chósta agus chalafoirt. Chuir an stoirm isteach go mór ar ghnáthfheidhmiú seirbhísí fíor-riachtanacha, amhail bóithre blocáilte agus naisc iompair ar cuireadh isteach orthu. Rinneadh damáiste d'earnáil na talmhaíochta, don dobharshaothrú agus do thionscal an iascaigh a thaifeadadh freisin.

(8) Níor iarr údaráis Mhálta cúnamh trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

(9) Ba é EUR 73,16 milliún meastachán Mhálta ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) de Rialachán CDAE agus chuir sé na costais i láthair agus iad miondealaithe de réir chineál na n-oibríochtaí. Baineann an sciar is mó den chostas le hathchóiriú feidhmiúlachta bonneagair agus gléasraí i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce, na teileachumarsáide agus an iompair, ar fiú EUR 52,08 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó den chostas le bonneagar coisctheach agus bearta um chosaint maidir le hoidhreacht chultúrtha a dhaingniú, ar fiú EUR 15,91 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas le glanadh an limistéir ar bhuail an tubaiste é, ar fiú EUR 5,09 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 0,08 milliún é sin.

(10) Thrasuigh Málta Treoir 2007/60/CE maidir le Tuilte trí na Rialacháin maidir le Measúnú agus Bainistiú Rioscaí Tuilte (S.L. 549.167), faoina ngníomhaíonn an Ghníomhaireacht Fuinnimh agus Uisce mar údarás inniúil agus faoinar ullmhaigh sí an Réamh-Mheasúnú Riosca Tuilte, léarscáileanna guaise agus riosca tuilte, agus an dara Plean Bainistithe Riosca Tuilte le haghaidh Cheantar Abhantraí Mhálta.

(11) An dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ní raibh Málta faoi réir imeachtaí um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste.

2.2 An Iodáil – tubaiste nádúrtha réigiúnach: stoirm Harry i mí Eanáir 2026

(1) An 10 Aibreán 2026, chuir an Iodáil iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026.

(2) Rinne an Iodáil iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste a rinneadh de dheasca na tubaiste a tharla an 18 Eanáir 2026. Tá an fhaisnéis uile atá ag teastáil faoi Airteagal 4 de Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) Chuir údaráis na hIodáile an t-iarratas isteach faoin gcritéar 'tubaiste nádúrtha réigiúnach' mar a leagtar síos in Airteagal 2(3) de Rialachán CDAE, is é sin aon tubaiste nádúrtha i réigiún ar leibhéal NUTS 2 de Stát incháilithe as a n-eascraíonn damáiste díreach atá os cionn 1,5 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an réigiúin sin. Is é thart ar EUR 2 995,4 milliún meastachán údaráis na hIodáile ar chostas an damáiste dhírigh iomláin a cruthaíodh de dhroim na tubaiste. De réir an tríú fomhír d'Airteagal 2(3), i gcás ina mbaineann an tubaiste nádúrtha le roinnt réigiún ar leibhéal NUTS 2, cuirfear an tairseach i bhfeidhm maidir le meán-olltáirgeacht intíre na réigiún sin, ualaithe de réir sciar an damáiste iomláin i ngach réigiún. Is é 3,256 % an damáiste díreach arna shloinneadh mar chéatadán de OTI réigiúnach ualaithe iomlán réigiúin

Calabria, na Sairdíne agus na Sicile. Is mó an méid sin ná 1,5 % de OTI réigiúnach ualaithe iomlán réigiúin Calabria, na Sairdíne agus na Sicile.

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

(6) Níor iarr an Iodáil go n-íocfaí airleacan.

(7) Idir an 18 agus an 21 Eanáir 2026, rinne Stoirm Harry difear do réigiúin na Sairdíne, na Sicile agus Calabria, rud a d'fhág go raibh báisteach dhian leanúnach, gaotha láidre agus borrthaí stoirme ann. Ba i limistéir chósta agus feadh aibhneacha a rinneadh an damáiste is tromchúisí, áit a ndearna leibhéil uisce a bhí ag ardú difear do roinnt dambaí. Dá thoradh sin, bogadh na mílte daoine amach as na limistéir ina raibh siad ag cur fúthu agus dearbhaíodh nárbh fhéidir maireachtáil sna céadta teach. Ina theannta sin, scrios an stoirm foirgnimh phoiblí, línte iarnróid, bonneagar calafoirt agus bóithre, rud a d'fhág go raibh pobail áirithe scoite amach go sealadach.

(8) Níor iarr údaráis na hIodáile cúnamh trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

(9) Ba é EUR 116,66 milliún meastachán na hIodáile ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) de Rialachán CDAE agus chuir sí na costais i láthair agus iad miondealaithe de réir chineál na n-oibríochtaí. Baineann an sciar is mó den chostas le hathchóiriú feidhmiúlachta bonneagair agus gléasraí i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce, na teileachumarsáide, an iompair, na sláinte agus an oideachais, ar fiú EUR 93,01 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó den chostas le bonneagar coisctheach agus bearta um chosaint maidir le hoidhreacht chultúrtha a dhaingniú, ar fiú EUR 9,76 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas le glanadh an limistéir ar bhuail an tubaiste é, ar fiú EUR 8,67 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 5,22 milliún é sin.

(10) Thrasuigh an Iodáil Treoir 2007/60/CE trí Fhoraithne Reachtach an 23 Feabhra 2010, Uimh. 49/2010, maidir le cur chun feidhme Threoir 2007/60/CE maidir le measúnú agus bainistiú rioscaí tuilte. Luaitear i bhForaithne Reachtach Uimh. 49/2010 gur gá léarscáileanna guaise tuilte agus léarscáileanna riosca tuilte maidir le limistéir a aithnítear de réir an phíosa reachtaíochta chéanna a ghlacadh. Thairis sin, an 22 Nollaig 2015, formheasadh plean bainistithe riosca tuilte arna roinnt de réir na gceantar abhantraí.

(11) An dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ní raibh an Iodáil faoi réir imeachtaí um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste.

2.3 An Phortaingéil – mórthubaiste nádúrtha: stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026

(1) An 13 Aibreán 2026, chuir an Phortaingéil iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

(2) Rinne an Phortaingéil iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste a rinneadh de dheasca na tubaiste a tharla an 22 Eanáir 2026. Tá an fhaisnéis uile atá ag teastáil faoi Airteagal 4 de Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) Is é thart ar EUR 5 351,97 milliún meastachán údaráis na Portaingéile ar chostas an damáiste dhírigh iomláin a cruthaíodh de dhroim na tubaiste. Is mó an méid sin ná an tairseach ‘mórthubaiste nádúrtha’ le haghaidh na Portaingéile arb é atá ann 0,6 % dá hOllioncam Náisiúnta (OIN), arbh fhiú EUR 1 703,84 milliún í in 2026. Dá bhrí sin, cáilítear an tubaiste mar ‘mhórthubaiste nádúrtha’ de réir Airteagal 2(2) de Rialachán CDAE.

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

(6) D’iarr an Phortaingéil go n-íocfaí airleacan de bhun Airteagal 4a de Rialachán CDAE. Ar bhonn an réamh-mheasúnaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha le go n-íocfaí airleacan ó CDAE. Dá bhrí sin, dámhadh airleacan EUR 65 370 952 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2026)5300 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2026. Íocadh an t-airleacan leis an bPortaingéil an 4 Lúnasa 2026.

(7) Idir an 22 Eanáir agus an 15 Feabhra 2026, tháinig sraith stoirmeacha tromchúiseacha chun na Portaingéile, lenar ghabh gaotha láidre, frasaíocht dhian a bhí ina gcúis le tuilte agus sciorrthaí talún tubaisteacha. Rinne na stoirmeacha damáiste mór do mhaoin an bhonneagair phoiblí agus phríobháidigh agus scrios siad go leor tithe. Ina theannta sin, cuireadh isteach ar bhonneagar fíor-riachtanach agus ar sheirbhísí fíor-riachtanacha i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce, an iompair, an chúraim sláinte agus an oideachais. De dheasca na tubaiste, bogadh na mílte daoine amach as na limistéir ina raibh siad ag cur fúthu agus maraíodh 18 nduine.

(8) D’iarr údaráis na Portaingéile go ndéanfaí sonraí satailíte um Fhaire na Cruinne ó chlár Copernicus a ghníomhachtú chun na limistéir faoi thuilte agus an crios tionchair stoirme a mhapáil trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

(9) Ba é EUR 1 937,94 milliún meastachán na Portaingéile ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) de Rialachán CDAE agus chuir sí na costais i láthair agus iad miondealaithe de réir chineál na n-oibríochtaí. Baineann an sciar is mó den chostas le hathchóiriú feidhmiúlachta bonneagair agus gléasraí i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce, na teileachumarsáide, an iompair, na sláinte agus an oideachais, ar fiú EUR 1 436,61 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó den chostas le glanadh an limistéir ar bhuail an tubaiste é, ar fiú EUR 341,5 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas le bonneagar coisctheach agus bearta um chosaint maidir le hoidhreacht chultúrtha a dhaingniú, ar fiú EUR 149,56 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 10,27 milliún é sin.

(10) Thrasuigh an Phortaingéil Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí Dhlí Foraithne Uimh. 115/2010, a achtaíodh an 22 Deireadh Fómhair 2010.

(11) An dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ní raibh an Phortaingéil faoi réir imeachtaí um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste.

2.4 An Spáinn – mórthubaiste nádúrtha: stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026

(1) An 17 Aibreán 2026, chuir an Spáinn iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

(2) Rinne an Spáinn iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste a rinneadh de dheasca na tubaiste a tharla an 23 Eanáir 2026. Tá an fhaisnéis uile atá ag teastáil faoi Airteagal 4 de Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) Is é thart ar EUR 4 839,53 milliún meastachán údaráis na Spáinne ar chostas an damáiste dhírigh iomláin a cruthaíodh de dhroim na tubaiste. Is mó an méid sin ná an tairseach ‘mórthubaiste nádúrtha’ le haghaidh na Spáinne arb é atá ann EUR 3 000 milliún i bpraghsanna 2011, arbh fhiú EUR 4 037,61 milliún í in 2026. Dá bhrí sin, cáilítear an tubaiste mar ‘mhórthubaiste nádúrtha’ de réir Airteagal 2(2) de Rialachán CDAE.

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

(6) D’iarr an Spáinn go n-íocfaí airleacan de bhun Airteagal 4a de Rialachán CDAE. Ar bhonn an réamh-mheasúnaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha le go n-íocfaí airleacan ó CDAE. Dá bhrí sin, dámhadh airleacan EUR 37 263 842 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2026)5374 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2026. Íocadh an t-airleacan leis an Spáinn an 4 Lúnasa 2026.

(7) Idir an 22 Eanáir agus an 14 Feabhra 2026, bhuail sraith stoirmeacha tromchúiseacha an Spáinn. Rinne na stoirmeacha an damáiste ba mhó i bPobail Fhéinrialaitheacha na hAndalúise agus Extremadura. De dheasca na báistí déine a bhain leis na stoirmeacha, bogadh na mílte daoine amach as na limistéir ina raibh siad ag cur fúthu, dúnadh os cionn 150 bóthar agus rinneadh damáiste mór struchtúrach do thithe daoine. Ina theannta sin, theip ar bhonneagar leictreachais, uisce agus teileachumarsáide ar feadh tréimhse fhada ama, rud a rinne damáiste eacnamaíoch mór agus a d’fhág roinnt pobal scoite amach.

(8) Níor iarr údaráis na Spáinne cúnamh trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

(9) Ba é EUR 1 801,64 milliún meastachán na Spáinne ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) de Rialachán CDAE agus chuir sí na costais i láthair agus iad miondealaithe de réir chineál na n-oibríochtaí. Baineann an sciar is mó den chostas le hathchóiriú feidhmiúlachta bonneagair agus gléasraí i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce, na teileachumarsáide agus an iompair, ar fiú EUR 1 585,07 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó den chostas le glanadh an limistéir ar bhuail an tubaiste é, ar fiú EUR 194,30 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas le bonneagar coisctheach agus bearta um chosaint maidir le hoidhreacht chultúrtha a dhaingniú, ar fiú EUR 20,93 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is

mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 1,34 milliún é sin.

(10) Sa Spáinn, rinneadh Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thrasuí le Foraithne Ríoga 903/2010 an 9 Iúil 2007 maidir le measúnú agus bainistiú rioscaí tuilte.

(11) An dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ní raibh an Spáinn faoi réir imeachtaí um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste.

2.5 Conclúid

I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach thuas agus tar éis measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tíolacadh, measann an Coimisiún go gcomhlíonann na tubaistí dá dtagraítear san iarratas a thíolaic Málta, an Iodáil, an Phortaingéil agus an Spáinn na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán CDAE chun CDAE a shlógadh.

3. MAOINIÚ

Bunaíodh CDAE ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta, agus dá réir sin, cuireann an Coimisiún cur chuige forásach i bhfeidhm maidir lena leithdháileadh cabhrach. Dá bhrí sin, ba cheart déine cabhrach is airde ná an sciar den damáiste atá faoi bhun na tairsí a bheith ann mar thoradh ar an sciar den damáiste ar mó é ná tairseach '**na mórthubaiste nádúrtha**' chun CDAE a shlógadh (i.e. 0,6 % de OIN nó EUR 3 bhilliún i bpraghsanna 2011, cibé acu is lú, cf. Airteagal 2(2) de Rialachán CDAE). Ciallaíonn sé sin go ríomhtar méid na cabhrach do thír dá ndéanann tubaiste a chomhlíonann na coinníollacha le haghaidh 'mórthubaiste nádúrtha' difear trí dhá mhéid a shuimiú: 2,5 % den damáiste díreach iomlán faoin tairseach agus 6 % don chuid den damáiste díreach iomlán os cionn na tairsí. Is é 2,5 % den damáiste díreach iomlán an ráta a chuirtear i bhfeidhm chun na méideanna cabhrach a shainiú le haghaidh '**tubaiste nádúrtha réigiúnach**', ráta atá faoi bhun na tairsí náisiúnta i gcónaí.

Leagadh amach an mhodheolaíocht chun an chabhair a ríomh i dTuarascáil Bhliantúil CDAE 2002-2003, agus ghlac Parlaimint na Eorpa agus an Chomhairle léi. Ní fhéadfaidh ranníocaíocht CDAE a bheith níos mó ná costas iomlán measta na n-oibríochtaí incháilithe.

Agus an mhodheolaíocht a leagtar amach thuas á cur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, rinne sé meastóireacht ar chabhair CDAE mar fhreagairt ar na ceithre iarratas a chuir Málta, an Iodáil, an Phortaingéil agus an Spáinn isteach tar éis na stoirmeacha a tharla i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún don údarás buiséadach na méideanna seo a leanas a shlógadh:

Tír/ Tubaiste	**Damáiste díreach iomlán** **(EUR)**	**Tairseach tubaistí a cuireadh i bhfeidhm** **(EUR)**	**2,5 % den damáiste díreach iomlán** *[suas leis an tairseach i gcás mórthubaistí]* **(EUR)**	**6 % den damáiste díreach iomlán os cionn na tairsí i gcás mórthubaistí** **(EUR)**	**Méid iomlán na cabhrach atá beartaithe** **(EUR)**	**Airleacan a íocadh** **(EUR)**	**An t-iarmhéid atá le híoc** **(EUR)**
Málta – stoirm *(mórthubaiste)*	132 970 625	121 548 000	3 038 700	685 357	**3 724 057**	**931 014**	**2 793 043**
An Iodáil – stoirm *(tubaiste réigiúnach)*	2 995 399 358	1 379 823 036	74 884 983	Ní bhaineann le hábhar	**74 884 983**	**níor iarradh**	**74 884 983**
An Phortaingéil – stoirm	5 351 969 000	1 703 838 000	42 595 950	218 887 860	**261 483 810**	**65 370 952**	**196 112 858**

(mórthubaiste)							
An Spáinn – stoirm *(mórthubaiste)*	4 839 525 763	4 037 605 000	100 940 125	48 115 245	**149 055 370**	**37 263 842**	**111 791 528**
				IOMLÁN	**489 148 220**	**103 565 808**	**385 582 412**

De bhun Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027[2] (dá ngairtear 'Rialachán CAI' anseo feasta), tá dhá ionstraim sa Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála: an Cúlchiste Eorpach Dhlúthpháirtíochta agus an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála.

Úsáidfear an Cúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta ag a bhfuil méid bliantúil EUR 1 016 mhilliún i bpraghsanna 2018 (a chomhfhreagraíonn do EUR 1 190,4 milliún i bpraghsanna 2026) le haghaidh cúnamh chun freagairt do chásanna éigeandála a chumhdaítear le CDAE. Le pointe 10 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[3], leagtar síos na módúlachtaí le haghaidh shlógadh CDAE i gcomhthéacs An Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála.

Chun ídiú luath an leithdháilte bhliantúil a sheachaint, sonraítear in Airteagal 3(7) de Rialachán CDAE agus in Airteagal 9(2), an dara fomhír, de Rialachán CAI nach mór 25 % de leithdháileadh bliantúil CDAE a bheith ar fáil fós an 1 Deireadh Fómhair gach bliain (cúlchiste deireadh bliana). In 2026, comhfhreagraíonn an méid sin do EUR 297,6 milliún.

I gcomhréir le hAirteagal 9(2), an chéad fhomhír, de Rialachán CAI, féadfar aon chuid den mhéid bliantúil, nár úsáideadh i mbliain ar leith 'n', a úsáid suas le bliain 'n+1'. Tugadh EUR 21,3 milliún anonn ó 2025 go 2026.

Thairis sin, de bhun Airteagal 4a(4) de Rialachán CDAE, cuireadh EUR 50 milliún isteach i mBuiséad Ginearálta 2026 (i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) cheana chun airleacain a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a íoc. Tá ceithre airleacan íoctha ag an gCoimisiún in 2026 cheana, arbh fhiú EUR 133,7 milliún san iomlán iad: leis an Spáinn maidir leis na falscaithe in 2025, le Málta maidir le Stoirm Harry i mí Eanáir 2026 agus leis an bPortaingéil agus leis an Spáinn maidir leis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

Ar deireadh, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2026/1809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Iúil 2026[4], soláthróidh CDAE cúnamh don Rómáin maidir leis na tuilte ag deireadh mhí na Bealtaine 2025, don Chipir tar éis na bhfalscaithe i mí Iúil 2025 agus don Spáinn tar éis na bhfalscaithe i mí Lúnasa 2025 ar fiú EUR 144,1 milliún san iomlán é, agus is é EUR 111,6 milliún an t-iarmhéid den mhéid sin atá le híoc.

Mar fhocal scoir, is é EUR 628,1 milliún an méid iomlán atá ar fáil roimh an 1 Deireadh Fómhair (gan an méid atá ar fáil le haghaidh airleacan agus cúlchiste deireadh bliana a áireamh), ar leor é chun an méid atá beartaithe lena shlógadh a chumhdach.

Acmhainní CDAE atá ar fáil in 2026 (EUR)	
Leithdháileadh bliantúil iomlán in 2026	1 190 405 931

[2] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.
[3] IO C 433I, 22.12.2020, lch. 28
[4] IO L, 2026/1809, 21.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1809/oj.

An méid a tugadh anonn ó 2025 lena n-áirítear airleacain nár úsáideadh (+)	21 304 355
An méid a úsáideadh cheana (-)	245 348 099
An méid iomlán atá ar fáil, lena n-áirítear:	**966 362 187**
→ An méid atá le húsáid le haghaidh airleacan	40 647 932
→ Cúlchiste deireadh bliana, ar fáil tar éis an 1 Deireadh Fómhair	297 601 483
→ An méid atá ar fáil roimh an 1 Deireadh Fómhair	**628 112 772**
An méid atá beartaithe lena shlógadh, lena n-áirítear:	489 148 220
→ An t-iarmhéid atá le híoc	**385 582 412**
An méid atá fágtha le haghaidh iarratais amach anseo lena n-áirítear airleacain agus cúlchiste deireadh bliana	**580 779 775**

2026/0284 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun cúnamh a sholáthar do Mhálta agus don Iodáil maidir le stoirm Harry i mí Eanáir 2026 agus don Phortaingéil agus don Spáinn tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[1], agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[2], agus go háirithe pointe (10) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (‘CDAE’) é a chur ar a chumas don Aontas freagairt ar bhealach tapa éifeachtúil solúbtha do staideanna éigeandála chun dlúthpháirtíocht a léiriú le pobail réigiún a bhuailtear le mórthubaistí nádúrtha nó tubaistí nádúrtha réigiúnacha nó ag móréigeandáil sláinte poiblí.

(2) Ní fhéadfaidh níos mó ná na huasteorainneacha a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[3] a bheith in CDAE.

(3) An 10 Aibreán 2026, chuir Málta iarratas isteach chun CDAE a shlógadh tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026.

(4) An 10 Aibreán 2026, chuir an Iodáil iarratas isteach chun CDAE a shlógadh tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026.

(5) An 13 Aibreán 2026, chuir an Phortaingéil iarratas isteach chun CDAE a shlógadh tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

(6) An 17 Aibreán 2026, chuir an Spáinn iarratas isteach chun CDAE a shlógadh tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

---

1 IO L 311, 14.11.2002, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2012/oj.

2 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

3 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

(7) Comhlíonann na hiarratais sin na coinníollacha i dtaca le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ó CDAE, mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart CDAE a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar do Mhálta, don Iodáil, don Phortaingéil agus don Spáinn.

(9) Chun a áirithiú gur féidir cúnamh airgeadais an Aontais a chur ar fáil chomh tapa agus is féidir do na Ballstáit a ndéantar difear dóibh agus chun aon mhoill ar shlógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a sheachaint, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais, is ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i ndáil le tubaistí nádúrtha a shlógfar na méideanna seo a leanas faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh:

(a) soláthrófar EUR 3 724 057 do Málta tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026;

(b) soláthrófar EUR 74 884 983 don Iodáil tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026;

(c) soláthrófar EUR 261 483 810 don Phortaingéil tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026;

(d) soláthrófar EUR 149 055 370 don Spáinn tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa *Thar ceann na Comhairle*

An tUachtarán *An tUachtarán*